



VACSÁIN
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

Liatroim Ionad Vacsaínithe FnaSS Eolas don Phobal

An t-eolas is déanaí: 16/06/2021



Ionad Cúraim Phríomhúil
Páirceanna an Bhaile
Cora Droma Rúisc
Co. Liatroma

EOLAS FAOIN IONAD




Tá an t-ionad vacsaínithe FnaSS do Liatroim lonnaithe san Ionad Cúraim Phríomhúil i gCora Droma Rúisc. Cabhróidh an t-eolas seo leat ullmhú do do choinne vacsaínithe. Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.hse.ie

Láthair: Páirceanna an Bhaile, Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma

Nasc chuig an léarscáil: <https://goo.gl/maps/UFTtdCQsW4e3nxRi8>



ROIMH DO CHOINNE



- Gheobhaidh tú cuireadh chun do choinne trí theachtaireacht téacs (SMS)
- Beidh am, dáta agus láthair do choinne sa teachtaireacht
- Tabhair leat d'uimhir PSP agus d'aitheantas grianghraif (m.sh. pas, ceadúnas tiomána/Cárta Seirbhísí Poiblí). Ní bhfaighidh tú vacsaín gan chárta aitheantais
- Ba chóir duit éadach scaoilte nó léine le muinchillí gearra a chaitheamh toisc go dtabharfar an vacsaín duit in uachtar do láimh
- Ná tar níos luaithe ná 10 nóiméad roimh do choinne agus fan i do charr go dtí 5 nóiméad roimh do choinne, ar mhaithe le bainistiú tráchta
- Caith éadaí atá feiliúnach don aimsir mar go bhféadfá a bheith i scuaine lasmuigh

NUAIR A THAGANN TÚ ISTEACH



- Caith clúdach aghaidhe nuair a thagann tú isteach agus le linn do choinne
- Téigh isteach ar an láithreán tríd an bpríomhbhealach isteach, ar a bhfuil rochtain ón N6 ag Óstán an Landmark
- Más ag tiomáint atá tú, treorófar thú chuig carrchlós
- Ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós, iarrfar d'ainm ort lena chinntiú go bhfuil coinne vacsaínithe agat agus nach bhfuil comharthaí COVID-19 ort
- Tá spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil do shealbhóirí ceadúnais
- Páirceáil do charr agus déan go dtí an bealach isteach san Ionad Cúraim Phríomhúil
- Má tá comradaí leat, ba cheart dóibh fanacht sa charr ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair is gá dóibh freastal ort

LAISTIGH DEN IONAD



- Má tá suaine ar an mbealach isteach, fan amach 2 mhéadar ó dhaoine eile
- Glan do lámha le díghalrán agus tú ag dul isteach sa bhfoirgneamh
- Nuair is leasta dul isteach, treofar chuig deasc fáiltithe thú
- Dearbhóidh an fhoireann do choinne, d'ainm, dáta breithe agus d'uimhir PSP
- Treorófar ansin thú chuig both chun do vacsaín a fháil
- Beidh vacsaíneoir ag fanacht leat taobh istigh den bhoth
- Cuirfidh an vacsaíneoir roinnt ceisteanna ort chun a dheimhniú go bhfuil tú i dteideal an vacsaín a fháil agus tabharfaidh sé/sí an vacsaín duit in uachtar do láimh
- Tabharfar cárta vacsaínithe duit agus iarrfar ort suí in ionad breathnóireachta ar feadh 15 nóiméad
- Ba chóir duit an cárta vacsaínithe a choinneáil slán mar go mbeidh sé ag teastáil má tá an dara coinne i gceist
- Tar éis 15 nóiméad is féidir leat an t-ionad breathnóireachta a fhágáil tríd an doras éalaithe ag deireadh an phasáiste